**Toghcháin na Comhairle Acadúla 2021**

**Cuótaí Inscne**

Tá 100 áit ar an gComhairle Acadúil (sa bhreis ar Bhaill Ex-Officio) ag na 4 Choláiste. Tá Cinn Scoile, Foireann Acadúil, Foireann Taighde agus Ionadaithe Mac Léinn san áireamh sa 100 áit seo.

Tá próifíl gach Coláiste leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| **Coláiste** | **Baill** | **Cinn Scoile** | **Mic léinn** | **Taighde** | **Acadúil** |
|---|---|---|---|---|---|
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 30 | 6 | 2 | 2 | 20 |
| Na Dána, na hEolaíochtaí Sóisialta & an Léann Ceilteach | 25 | 8 | 2 | 2 | 13 |
| Leigheas, Altranas & na hEolaíochtaí Sláinte | 25 | 3 | 2 | 2 | 18 |
| Gnó, Beartas Poiblí & Dlí | 20 | 3 | 2 | 2 | 13 |
| | | | | | |
| **Iomlán** | 100 | 20 | 8 | 8 | 64 |

Is é aidhm na cáipéise seo na cuótaí íosta inscne atá beartaithe don toghchán a leagan síos. Tá sé seo ar an mbunús nach gcuirfear cuótaí inscne i bhfeidhm ar chohórt na mac léinn ná taighde agus go bhfuil cothromaíocht inscne na gCeann Scoile ar fáil cheana féin.

Caithfidh na cuótaí inscne chomh maith próifíl inscne gach ceann de na Coláistí a chur san áireamh a oiread agus is féidir (bunaithe ar Thuairisceán Foirne Acadúil HEA mhí an Mhárta):

| **Coláiste** | **Bean** | **Fear** |
|---|---|---|
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 25% | 75% |
| Na Dána, na hEolaíochtaí Sóisialta & an Léann Ceilteach | 53% | 47% |
| Leigheas, Altranas & na hEolaíochtaí Sláinte | 66% | 34% |
| Gnó, Beartas Poiblí & Dlí | 53% | 47% |

Taispeánann an tábla seo a leanas na cuótaí inscne atá beartaithe do gach ceann de na Coláistí chun foráil a dhéanamh don mhéid seo a leanas:

- Cuóta inscne foriomlán 40% idir Fhir agus Mná a bhaint amach
- Próifíl inscne na gColáistí a léiriú a oiread agus is féidir agus ag an am céanna próifíl inscne na gCeann Scoile á cur san áireamh
- Roinnt solúbthachta a cheadú san íoslíon de gach inscne chun foráil a dhéanamh do chuótaí neamh-dhénártha

| | Bean | Fear | Aon/Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Baill Ex-Officio** | 5 | 11 | | 16 |
| | | | | |
| **Cinn Scoile** | 8 | 12 | | 20 |
| | | | | |
| **Comhaltaí Foirne Taighde** | | | 8 | 8 |
| | | | | |
| **Mic léinn** | | | 12 | 12 |
| | | | | |
| **Foireann Acadúil** | | | | |
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 6 | 12 | 2 | 20 |
| Na Dána, na hEolaíochtaí Sóisialta & an Léann Ceilteach | 9 | 2 | 2 | 13 |
| Leigheas, Altranas & na hEolaíochtaí Sláinte | 10 | 6 | 2 | 18 |
| Gnó, Beartas Poiblí & Dlí | 7 | 4 | 2 | 13 |
| | | | | |
| **Ballraíocht Iomlán** | **45** | **47** | **28** | **120** |
| | **38%** | **39%** | **23%** | |

Is iad na cealla atá aibhsithe thuas an líon íosta fear agus ban a theastaíonn i ngach Coláiste chun cuóta íosta a thabhairt chomh gar agus is féidir do 40% agus ag an am céanna foráil a dhéanamh do 2 áit i ngach Coláiste ar mhaithe le solúbthacht mar aon leis an bpróifíl inscne i ngach Coláiste a chaomhnú. Éileoidh sé seo triúr Mná, ar a laghad, agus Fear amháin, ar a laghad, ón 28 ball atá ar fáil.

Is é cuóta íosta na Comhairle Acadúla (bunaithe ar 120 áit) ná 120 * 40% = 48